RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

# Scéim Faoisimh Tuillte Ráth Mealtain



## Nuachtlitir Meán Fómhair 2023

SAN EAGRÁN SEO


| | |
|---|---|
| Hiodrálaicí | Lch 2 |
| Roghnúchán | Lch 3 |
| Rannpháirtíocht Phoiblí | Lch 4 |
| Gníomhaíochtaí Timpeallachta | Lch 5 |
| Na Chéad Chéimeanna Eile? | Lch 6 |


# Scéal Is Déanaí

Seo an seachtú nuachtlitir ag Scéim Fóirithinte Tuilte Ráth Mealtain. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann tá mionsamhlú hiodrálach, Imeacht Rannpháirtíochta poiblí agus gníomhaíochtaí timpeallachta.

# Mionsamhlú Hiodrálach

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt na mionsamhlach hiodrálaice ó bhí an Nuachtlitir deireanach ann in Meitheamh 2023. Ullmhaíodh mapaí tuilte a léiríonn méid na dtuilte ó fhoinsí abhann agus cósta. Léirigh an mheasúnacht hiodrálach airde na dtuilte a bheidh le plé i bhforbairt na Scéime Faoisimh Tuilte. Ullmhaíodh an Tuairisc Hiodrálach chomh maith.




*An Leanainn*

# Roghnúchán


## Imscrúdú Bhallaí na Cé

Tá measúnacht mhionsonraithe ar bhallaí na cé i Ráth Mealtain beartaithe ina mbeidh an Seandálaí agus Innealtóir Caomhantais páirteach. Deanfaidh sé seo eolas don fhéidearthacht na ballaí seo a chomhtháthú leis an scéim faoisimh tuilte. Déanfar an t-imscrúdú seo a úsáid le cur chuige a bhfuil glacadh leis a aimsiú maidir le cosaint ar thuilte, i gcomhar le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, An Cumann Seoirsiach agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.



*Balla Ché Ráth Mealtain*

# Imeacht Rannpháirtíochta Poiblí



Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

OPW

BYRNELOOBY
AN AYESA COMPANY

2040

## Ramelton Flood Relief Scheme

Public Participation Event

From 4:00pm to 8:00pm on Wednesday 21st June 2023

at Town Hall, Ramelton

**Purpose of this Public Participation Event**

This is a second public engagement event for the project. An initial public engagement event to get the views of the people, businesses and stakeholders was held in September 2021. The feedback from that event has informed the assessment and development of the scheme to-date.

The purpose of this public participation event is to present the findings of the assessments undertaken to date, to outline the available flood protection measures and options being considered to alleviate flooding and to obtain the views of the public and stakeholders on those options.

**Draft Coastal Flood Extent**

**Your Feedback is Important**

This is your opportunity to take part at the early stages of the planning of the Ramelton Flood Relief Scheme. Donegal County Council and the Office of Public Works wishes to consider all viewpoints in relation to the flood relief measures being considered. Time spent communicating your views to the project team is appreciated.

See also the project website: https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/ where the Event documentation will be available from 21st June 2023.

The general public and all interested parties are invited to give their opinions on the Scheme. Please examine the possible flood protection measures presented at the event and let your views be known by 21st July 2023.

All queries and comments in relation to this project can sent to either of the following:

Email: Ramelton@ByrneLooby.com

Post: *Project Manager Ramelton FRS*
*ByrneLooby*
*Building 2100*
*Cork Airport Business Park*
*Kinsale Road*
*Cork, T12 KV8R*

Reáchtáladh imeacht rannpháirtíochta poiblí i Halla an Bhaile i Ráth Mealtain ar an 21 Meitheamh 2023. An cuspóir a bhí leis an imeacht ná páirtithe leasmhara agus lucht spéise a chur ar an eolas faoin dul chun cinn ar SFT Ráth Mealtain agus go háirithe, na mapaí nuashonraithe riosca tuilte. Cuireadh na bearta faoisimh tuilte féideartha in iúl don lucht freastail go háirithe. Chuimsigh na bearta seo dhá chur chuige atá an-éagsúil, ballaí tuilte feadh na Cé agus Bóthar an Chladaigh nó athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoine atá i mbaol tuilte lena dhéanamh níos láidre. Thaispeáin an IRP go soiléir airde an bhalla cosanta tuilte a bheadh de dhíth leis an caighdeán cosanta dearaidh a sholáthar.

I ndiaidh an Imeacht Rannpháirtíochta Poiblí, chuir Bailte Slachtmhar Ráth Mealtain samhail fhísiúil i gcrích maidir leis an chuma a bheadh ar an scéim faoisimh tuilte don bhaile. Ní raibh baint ar bith ag |Comhairle Contae Dhún na nGall leis an obair seo ach tá an an-bhuíoch agus ionchur réamhghníomhach dearfach Bailte Slachtmhara Ráth Mealtain agus leanfaidh siad ar aghaidh le dul I gcomhairle le baill an choiste. Léiríonn an moladh an méid atá de dhíth, go háirithe na leibhéil cosanta a bheidh ag teastáil má tá cosaintí ag dul a bheith ag Ráth Mealtain ar thuile taoide 1 i 200 bliain. Mar sin féin, tá an rogha is fearr le haimsiú g foirmiúil go fóill agus mar sin, déanfar machnamh leanúnach ar gach rogha trí chéim Dearaidh Achoimreach na Scéime.



Tá an-fháilte roimh an phlé a spreag foilseachán ar líne Bailte Slachtmhara agus tá sé iontach cuidiúil maidir le dearcthaí na bpáirtithe leasmhara ar bheartais fhéideartha faoisimh tuilte a thuiscint. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall iarracht athbhreithniú a dhéanamh ar gach cineál aiseolais ach iarrann muid go ndéanfaí aighneachtaí ar mhodh amháin de na cinn seo a leanas:

**Ríomhphost chuig:**

Ramelton@ByrneLooby.com

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

## Suirbhéanna Speisialta

Tá na suirbhéanna bonnlíne speisialta do Scéim Fóirithinte Ráth Mealtain réidh:

**Gnáthphost chuig:**

*An Bainisteoir Tionscadail SFT Ráth Mealtáin*

*ByrneLooby*
*Foirgneamh 2100*
*Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí*
*Bóthar Chionn tSáile*
*Corcaigh, T12 KV8R*

- Atheisíodh Tuarascáil ón Suirbhé Éanlaith Geimhridh in Iúil 2023.

Déanfar suirbhéanna speisialta eile ar ball ach a mbeidh sainmhíniú níos fearr déanta ar bhearta cosanta in aghaidh tuilte.

## Bearta Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)

Tá foireann an tionscadail i ndiaidh críoch a chur ar an measúnú ar fhéidearthacht i dtaca le NWRM in abhantraigh Ráth Mealtain chun an riosca tuile a mhaolú agus tá tuarascáil indéantachta réitithe. Tá machnamh á dhéanamh ar ábhar agus ar mholtaí na tuarascála faoi láthair.

## Conradh Cóireála Speicis Ionrach

Cuireadh an chóireáil IAS do Scéime Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain I gcrích in Iúil 2023 agus tá sí réidh anois don bhliain. Tá Balsam Himiléach agus glúineach bhiorach san áireamh anseo.

### Hidreamoirfeolaíocht

Déanann an hidreamoirfeolaíocht imscrúdú ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht dhaonna agus nadúrtha ar hidreolaíocht agus ag geomoirfeolaíocht uisce agus na héiceachóras lena dtacaíonn siad. Beidh an suirbhé bonnlíne hidreolaíochta do SFT Ráth Mealtain ar siúl le linn an fhómhair.

# Tionscadail Eile

Tá sé tugtha faoi deara ag an fhoireann tionscadail go bhfuil tionscadail phoiblí eile ar siúl i Ráth Mealtain faoi láthair. Ina measc seo tá uasghrádú Uisce Éireann ar Scéim Séarachais Ráth Mealtain agus an tionscadal Ramelton Reimagined atá á chur i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Tá an fhoireann tionscadail SFT ag coinneáil teagmháil leanúnach leis na tionscadail eile seo. D'fhéadfadh mearbhall a bheith ann sa phobal maidir leis na tionscadail éagsúla ach ba mhaith linn a shoiléiriú nach bhfuil Conraitheoir ar bith de chuid Scéim Faoisimh Tuilte ag obair i Ráth Mealtain faoi láthair. Tá conradh um Imscrúdú Talaimh beartaithe do Ráithe 1 2024.

# Na Chéad Chéimeanna Eile?

**Sna míonna beaga atá romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:**

- **Measúnachtaí ar bhallaí cé agus abhann**
- **Leanúint ar aghaidh leis an rogha**
- **Samhaltú Hiodrálach ar Roghanna Faoisimh Tuilte..**
- **Leanúint leis na sainsuirbhéanna timpeallachta don chéad tréimhse suirbhéireachta eile.**
- **Leanúint le dréachtú na dTuarascálacha Scagthástála Measúnachta Tionchair Timpeallachta nuair a bheidh limistéir na scéime agus roghanna atá tagtha chun tosaigh curtha i gcrích.**
- **Leanúint ar aghaidh le hobair Scagthástala le hAghaidh Measúnacht Chuí.**
- **Suirbhé Hidreageomoirfeolaíochta**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**


## Rphost

RameltonFRS@ByrneLooby.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain
ByrneLooby
Building 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988


**Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:**

https://www.floodinfo.ie/frs/ga/ramelton/home/